

SGÉUL BHACACH NA SUGÁN.

Bean a bhí ann bhí sí ar mbean ba breaghtha a bhí in Éirinn agus bhí fear ann ar a gcaoi cheadhna bhí sé ina thighearna mór agus phós siad a chéile. Nuair a bhí siad pósta ansoin bhí an bhean seo ag dul as a chéill ní raibh fhios aici céurd a bhí sí a dheanamh léithe fhéin ní raibh a hintinn suimhneach théis a' fear a bhí aici cheap sí nach raibh sí ceart cor a' bith.

Tháinig bean siubhail isteach aici ansoin lá agus thosuigh sí gá moladh a rádh go m'aoibhinn di. "Níl mé sásta i m'inntin chor a' bith" adeir sí "mar a bhfuil muiise is deachair thú a shásadh" adeir a' bhean siubhail "ach bhí rud eicint eile i ndán dhuitse" adeir sí "agus inniseóchaidh mise dhuit céurd é fhéin. Nuair a ghabhfhas tusa a chodladh anocht tabhair leat lúib a phota agus cuir faoi do chloigeann í agus cébrí céurd tá i ndán duit beidh fhios a'd ar maidin é."

Thug sí léithe an lúib agus chuir sí faoi na cloigeann san oidhche í agus nuair a d'eirigh sí ar maidin ní fhaca tú aon bhean ariamh a bhí chomh sasta léithi.

Sgarr go dtáinig an cailín isteach "ní bhfuigh tú aon fhear ariamh" adeir sí is mú ná an fear atá ag a'n geata agus níl aon áit ó bhun a choise ach áit a bhfuil sugán casta". "Is maith é sin" adeir a bhean agus thosuigh sí ag gairigh. D'imtigh léithi agus ghléas sí í fhein agus d'imtigh sí an aonfeacht le fear na sugan bliadhain ó'n lá sin seadh thainig sí ag a fear fhéin agus ní raibh blas uirthi na cnámha "bhoil ó bhí sé le t-aghaidh agus go raibh sé le t-aghaidh" adeir a fear glacfhidh mise thú fhéin ach ní ghlacfhaidh mé an páisde.

Choinigh sé í fhéin agus cuireadh an páisde an áit eicint nach bhfaca sé aon amharc air agus mhair sé é fhéin agus í fhéin suimhneach aríst go brach

11/9/32.